

Fíricí Suimiúla do Dhaltaí Sinsearacha Bunscoile Cineálacha Scamall



Cad is scamall ann?

De ghnáth bíonn roinnt mhaith scamall sa spéir os cionn na hÉireann. Bíonn roinnt mór agus roinnt eile beag. Féachann roinnt cosúil le holann chadáis.

Bíonn dathanna éagsúla ar scamail. Is féidir leo bheith bán, liath, dubh nó dearg. De ghnáth is féidir a thomhas an mbeidh ag cur báistí ag brath ar dhath na spéire.

Muar mbeadh scamail againn ní bheadh aon bháisteach, aon chloichshneachta, aon fhlichshneachta ná aon sneachta againn!

Conas a dhéantar scamail?

- Cruthaítear scamail nuair a éiríonn aer tais in airde sa spéir, nuair a fhuaraíonn sé agus nuair a éiríonn sé sáithithe.
- Déanann gal-uisce tais comhdhlúthú sa spéir chun braonacha bídeacha uisce a dhéanamh agus cruthaíonn sé sin scamail.
- Foirmíonn scamail éagsúla, ag brath ar cé chomh tais is atá an t-aer.

Cad iad na hainmneacha ar na cineálacha éagsúla scamall?

Ciorras: Scamail arda oighir a fhéachann cosúil le ribí fineáilte gruaige.



Ciorracumalas: Leatháin thanaí oighir a fhoirmíonn braonacha nó iomairíní. Go minic ciallaíonn na scamail seo go bhfuil an aimsir míshocair.



Ciorrastratas: Leathán tanaí oighir. Uaireanta cruthaíonn na scamail seo mar a bheadh fáinne móorthimpeall na gréine. Nuair a fheictear an éifeacht seo ciallaíonn sin go bhfuil báisteach ar an mbealach.



Altacumalas: Leathán tanaí de scamall bán nó liath, briste ina bhraonacha, ina rollaí, ina thonnta nó ina bhandaí.



Altastratas: Leathán tanaí de scamall liath agus bíonn solas na gréine le feiceáil tríd. Má éiríonn an scamall tiubh ciallaíonn sé go bhfuil báisteach ar an mbealach.



Nimbeatratas: Leatháin de scamail liatha. Déanann siad báisteach agus sneachta. Is é 'nimbeas' an focal Laidine ar bháisteach.



Stratacumaas: Ciseal de scamail íseal briste ina rollaí nó ina bpaistí. Cruthaíonn na scamail seo pátrún rialta.



Stratas: Mar a bheadh blaincéad liath de scamall agus uaireanta cruthaíonn báisteach éadrom nó ceobhrán.



Cumalas: Scamail chlúmhacha le bonn clárach. Feictear iad seo go minic ar lá grianmhar.



Cumalainimbas: Is minic a léiríonn na scamail arda seo go bhfuil stoirm toirní ar an mbealach.

